2026/2532

17.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2532 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Samhain 2026

lena ndéantar allmhairí fluairíde polaivinilídéine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na hIndia agus na Seapáine a chur faoi réir a gcláraithe ionas go mbeifear in ann dleachtanna frithdhumpála a thobhach ar na hallmhairí sin a chuirtear faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Deireadh Fómhair 2026, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí fluairíde polaivinilídéine isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na hIndia agus na Seapáine.

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí seo tar éis gearán a chuir táirgeoir fluairíde polaivinilídéine ('an gearánach') isteach an 14 Meán Fómhair 2026 thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán aigéid fluairíde polaivinilídéine an Aontais acu.

1. AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE

(3) Is é an táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann') défhluairíd pholaivinilídéine ('PVDF'), ar a dtugtar fluairíd pholaivinilídéine freisin, i bhfoirm phríomhúil, lena n-áirítear comhpholaiméirí PVDF ina bhfuil fluairíd vinilídéine agus monaiméirí eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na hIndia agus na Seapáine. Aicmítear é faoi chód AC ex 3904 69 80 (cóid TARIC 3904 69 80 97 agus 3904 69 80 98) faoi láthair.

2. CLÁRÚ

(4) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe.

(5) Is é is cuspóir don chlárú a áirithiú gur féidir dleachtanna frithdhumpála, más ann dóibh, a thobhach go cúlghabhálach ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, má chomhlíontar na coinníollacha is gá.

(6) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha.

(7) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.

(8) De réir na ríomhanna arna soláthar sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar corrlaigh dhumpála idir 26,5 % agus 83,5 % agus leibhéal díothaithe díobhála os cionn 146 % a bheith ann le haghaidh an táirge lena mbaineann don tréimhse 2025. De ghnáth, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle idir leibhéal na dumpála agus leibhéal na díobhála, de réir Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C/2026/5554, 28.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/5554/oj.

(9) Mar sin féin, ag an gcéim seo ní féidir leis an gCoimisiún an méid dliteanais a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo a mheas. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le faisnéis amháin atá na méideanna a luaitear sa ghearán agus ní féidir aon choinne a bheith ann dá mbarr, bunaithe ar na méideanna sin, leis an leibhéal iarbhír dliteanais a shuífear mar thoradh ar an imscrúdú.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(10) Aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí défhluairíde polaivinilídéine ('PVDF'), ar a dtugtar fluairíd pholaivinilídéine freisin, isteach san Aontas a chlárú i bhfoirm phríomhúil, lena n-áirítear comhpholaiméirí PVDF ina bhfuil fluairíd vinilídéine agus monaiméirí eile, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 3904 69 80 (cóid TARIC 3904 69 80 97 agus 3904 69 80 98) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na hIndia agus na Seapáine iad.

2. Rachaidh an clárú in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).